AN ROINN TAILTE,

FO-ROINN IASCAIGH.

An tAcht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959.

FODHLÍ OISRÍ CHUAN MODH UIMH. 507, 1961.

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hailt 9 agus 272 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959 (Uimh. 14 de 1959), agus tar éis déanamh go cuí de réir forálacha an Chúigiú Sceidil a ghabhann leis an Acht sin, déanaimse MICHEÁL Ó MÓRÁIN, Aire Tailte, leis seo an Fodhlí seo a leanas :—

1. Fodhlí Oisrí Chuan Modh Uimh. 507, 1961, is teideal don Fhodhlí seo.

2. Tiocfaidh an Fodhlí seo i ngníomh an 10ú lá de Shamhain, 1961.

3. Ní dleathach, i rith na tréimhse ón 10ú lá de Shamhain, 1961, go dtí an 30ú lá de Mheán Fómhair, 1964, oisrí nó síol oisrí a thógaint, a ghabháil ná a dhíthiú, ná dreidireacht a dhéanamh orthu, sa chuid sin de Chuan Modh a dhúnann Cuinichín, Collán Mór agus Cladhinis agus línte díreacha ón scoth is sia soir de Chuinichín go dtí an scoth is sia siar de Chladhinis, ón scoth is sia soir de Chladhinis ó dheas go dtí an scoth is sia soir ó thuaidh de Chollán Mór, agus ón scoth is sia siar de Chollán Mór ó thuaidh go dtí an scoth is sia soir de Chuinichín.

L. S.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil, an 26ú lá seo de Dheireadh Fómhair, 1961.

MICHEÁL Ó MÓRÁIN,
Aire Tailte.

[4]

DEPARTMENT OF LANDS,

FISHERIES DIVISION.

Fisheries (Consolidation) Act, 1959.

CLEW BAY OYSTER BYE-LAW No. 507, 1961.

I, MICHEÁL Ó MÓRÁIN, Minister for Lands, in exercise of the powers conferred on me by sections 9 and 272 of the Fisheries (Consolidation) Act, 1959 (No. 14 of 1959), and after due compliance with the provisions of the Fifth Schedule to that Act, hereby make the following Bye-law :—

1. This Bye-law may be cited as the Clew Bay Oyster Bye-law No. 507, 1961.

2. This Bye-law shall come into operation on the 10th day of November, 1961.

3. It shall not be lawful during the period from the 10th day of November, 1961, to the 30th day of September, 1964, to dredge for, take, catch or destroy any oyster or oyster brood in that part of Clew Bay enclosed by the islands of Quinsheen, Collan More and Clynish and straight lines drawn from the eastern extremity of Quinsheen to the western extremity of Clynish, from the eastern extremity of Clynish southwards to the north-eastern extremity of Collan More, and from the western extremity of Collan More northwards to the eastern extremity of Quinsheen.

L. S.

GIVEN under my Official Seal, this 26th day of October, 1961.

MICHEÁL Ó MÓRÁIN,
Minister for Lands.

[4]

The version of this Bye-law in the Irish language, prepared officially, is printed on the opposite page.